

## Ráitis Bullaíochta:

Titeann Jeaic ar an urlár i rith rás sealáíochta. Agus é ar an urlár, titeann Aoife anuas air. Tosaíonn gach duine ag gáire ag rá go bhfuil siad ag dul amach lena chéile.

Tugtar tasc don ghrúpa agus caithfidh gach duine a bheith ag obair le chéile. Tosaíonn na ceannairí ag caint lena chéile agus ní thugann siad faoi deara go bhfuil triúir buachaillí ag tarraingt achrann agus ag ciceáil agus ag brú a chéile. Nuair a stophtar iad, deireann beirt acu go raibh siad ag imirt corraíochta. Fanann an duine eile ciúin. Is iad an triúir céanna a bhíonn ag troid agus ag cur isteach ar gníomháíochtaí an chlub i gcónaí.

Tar éis an chlub oíche amháin téann triúir abhaile in éineacht le máthair Mháire. Tógann siad fón póca deartháir Mháire agus seolann siad téasc chuig cailín eile sa chlub, Lisa agus ligeann siad orthu féin gur deartháir Máire atá ann agus go bhfuil suim aige inti. Go hiondúil is Lisa a bhíonn i bhfeidhil na cluichí magaidh seo go minic, mar sin níl aon dochar ann.

Nuair a théann an chlub ar thuras go dtí an phictiúrlann, suíonn gach duine lena cairde is fearr ar an mbus. Suíonn ball amháin, Niamh chun tosaigh in éineacht leis na ceannairí.

Bíonn rogha ag baill an chlub dul isteach i ngrúpaí chun gníomhaíochtaí éagsúla a dhéanamh. De ghnáth roghnaíonn na buachaillí spóirt éagsúl a dhéanamh agus roghnaíonn na cailíní ealaín a dhéanamh. Nuair a thagann ball nua, Máitín, roghnaíonn sé ealaín a dhéanamh. Tosaíonn na buachaillí eile ag glaoch Martina air gach uair go bhfeiceann siad píosa ealaíne atá déanta aige.

Tá go leor den chlub sa scoil céanna agus tá aithne mhaith acu ar a chéile. Nuair a thagann siad go dtí an chlub fanann gach duine sna grúpaí céanna agus ní mheascann siad mórán. Tagann ball nua, Deirdre mar gheall go bhfuil spéis aici sa chlub ach ní fhanann siad i bhfad mar ní thugann na cailíní eile mórán aird uirthi.

Ar thuras chuig ionad eachtraíochta, deireann ball amháin, Cathal, go ndearna sé dearmad ar an airgead a thug a máthair dó ar maidin. Cé go bhfuil an tura,

bia agus gach rud íoctha aige cheanna féin, deireann sé lena cara leis go dteastaíonn airgead uaidh chun bronntanas agus cártaí poist a cheannacht. Iarrann sé airgead ar a chara trí uaire go dtí go dtógann sé é féin é agus iad ag fáil réidh sna seomraí feisitis. Beireann sé greim ar a bhrístí go dtí go dtugann sé an airgead dhó.

*Téann Ciara chuig an club chuile oíche Aoine. Cé gur bhog sí scoil anuraidh téann sí chuig an club leis na daoine óna sean scoil. Ba cairde mhaith í féin agus Treasa sular bhog sí agus deireann Treasa gur cairde mhaith fós iad. Ní dhéanann Treasa aon rud gránna leí ach go minic feiceann Ciara í ag gáirí in eineacht leis na cailíní eile agus deireann sí leí nach dtigfeadh sí mar gheall gur rud éigin é a tharla ag an scoil. Ceapann Ciara go mbíonn na cailíní eile ag féachaint uirthi le gráin ach deireann Treasa nach bhfuil sé sin fíor.*

Gach uair go dtéann Dara ar Facebook, tá nasc nua curtha ar a leathanach ag a gcairde ón club. Den chuid is mó is fógraí iad i gcomhair daoine le bréan-anáil, nó fógraí le haghaidh ag cur nascanna míbhéasach suas. Chomh luath agus a bhfeicfeann sé iad baineann sé anuas iad ach tá eagla agus náire air go bhfeicfidh a chairde eile iad.

Tá ball nua sa chlub Aimee. Is as an Aifraic a tuismitheoirí agus téann sí chuig Gaelscoil. Nuair a labharann sí Gaeilge, scaití bíonn sé deacair na focla atá á ra aici a thuiscint i gceart mar gheall go bhfuil canúint láidir aici. Tá sé feicthe ag ceannaire an club cúpla uair anois go mbíonn na cailíní go bhfuil sí ag crochadh thart leo ag déanamh aithris ar a canúint. Nuair a labhair an ceannaire le Aimee, deireann sí gur cairde iad agus nach gcuireann sé isteach uirthi.